Tuarascáil Bhliantúil 2007

Údarás Reigiúnda Átha Cliath

DUBLIN REGIONAL AUTHORITY

ÚDARÁS RÉIGIÚNDA ÁTHA CLIATH

Teachtaireacht An Chathaoirligh

Ba mhaith liom an deis seo a thógáil chun buíochas a ghabháil le comhaltaí Údarás Réigiúnda Átha Cliath as ucht mé a thoghadh le bheith mar Chathaoirleach le linn an ama suimiúil agus tábhachtach seo i bhforbairt Bhaile Átha Cliath agus i bhforbairt na hÉireann araon. Le linn 2007 thug an tÚdarás faoi cheisteanna Eorpacha, Náisiúnta, Réigiúnda agus Áitiúla a bhfeictear mar cheisteanna tábhachtacha i bhforbairt Bhaile Átha Cliath mar Réigiún-Cathrach domhanda.

Nuair atá forbairt na todhchaí de chuid Baile Átha Cliath á mheas, caithfear a thabhairt faoi deara gur Réigiún Phríomhchathrach na hÉireann é Réigiún Bhaile Átha Cliath chomh maith le príomhshócmhainn iompair, trádála, oideachais, sláinte agus turasóireachta uirbeach na hÉireann. Gan amhras, tá a lán d'aschur na tíre ag brath ar bhonneagar níos mó ná fónta a bheith ag Réigiún Bhaile Átha Cliath chun seirbhísí náisiúnta riachtanacha a soláthar, cosúil le rochtain ghasta chuig agus ó na calafoirt agus na haerfoirt. Mar sin tagann infheistíocht i Réigiún Bhaile Átha Cliath chun tairbhe na tíre i gcoitinne.

Mar sin féin, tá foshuíomh intuigthe ann in a lán straitéisí Rialtais, agus go deimhin, i measc réigiúin eile na hÉireann, gur féidir le Baile Átha Cliath aire a thabhairt dó féin. Tá an smaoineamh seo daingnithe ag an tuairim go bhfuil Baile Átha Cliath tar éis fás go neamhchuimseach leis an gcuid eile d'Éire; go bhfuil cuid mhíchuí den infheistíocht phoiblí imithe isteach sa Réigiún; agus gur chóir do bheartas poiblí stad a chur le scála na forbartha i mBaile Átha Cliath. Teipeann ar an tuairim seo, áfach, ról agus tábhacht na réigiún-cathrach a aithint go ginearálta, mar atá aitheanta ag Clár Oibre Liospóin an AE, mar inneall an fháis réigiúnda agus náisiúnta.

Tá Údarás Réigiúna Átha Cliath imníoch go raibh fo-infheistíocht i ngach réimse de bhonneagar socheacnamaíoch in ainneoin leibhéil churiarrachtacha d'infheistíocht phoiblí le cúig bliana anuas.

Níl fadhbanna comhchosúla ag ár réigiúin iomaíocha san AE agus ar fud an domhain ó thaobh teacht suas le hinfheistíochtaí bonneagair, rud a chruthaíonn deacracht do Réigiún Bhaile Átha Cliath i leith sárú na n-iomaitheoirí i ngach réimse ina bhfuil iomaíochas tábhachtach. Is leis an bpointe seo in aigne acu gur thug Údarás Réigiúnda Átha Cliath faoina chlár nua gníomhaíochtaí i 2007.

Ceann dár bpríomhghníomhaíochtaí i 2007 ba ea chun Comhdháil Idirnáisiúnta a óstáil ar fhorbairt an Réigiúin Cruthaitheach. D'aithin an ócáid seo dea-chleachtas nua go hidirnáisiúnta i straitéisí forbartha na gcathracha agus na réigiún ó thaobh a dteacht chun suntais mar lárionaid tábhachtacha chun oibrithe cruthaitheacha agus tionscail chruthaitheacha a mhealladh, a fhás agus a choimeád. Ba é an Dr. Richard Florida an aoichainteoir agus léirigh sé na ceisteanna nach mór do Bhaile Átha Cliath aghaidh a thabhairt orthu chun a bheith san iomaíocht sa ré nua Cruthaitheach seo.

I 2007 chuaigh an tÚdarás i mbun ballraíochta d'fheadhnacht tagarmharcála idirnáisiúnta a bhaineann le bailiú agus anailísiú príomhshonraí sóisialta, eacnamaíochta agus timpeallachta agus ag tarraingt comparáidí díreach le réigiúin chomhpháirtithe laistigh san fheadhnacht. Sa bhreis ar sin, d'fhreagair an tÚdarás do pháipéir bheartais Eorpacha agus Náisiúnta agus cuireadh tús le roinnt páipéir seasaimh ar ábhair imní. Léiríonn na leathanaigh seo a leanas den tuarascáil seo an obair a ghlac an tÚdarás léi i rith 2007.

Mar nóta tráchta deiridh, ba mhaith liom a shonrú nach bhfuil aon dabht ann ach go raibh Baile Átha Cliath anrathúil go dtí seo i dtéarmaí cruthú ardluach fostaíochta, agus mar thoradh, baineann an Réigiún leasa as an ioncam indiúscartha is airde in aghaidh an duine ó ocht limistéar an údaráis réigiúnda. Ag an am céanna, áfach, agus in oll-chodarsnacht, fulaingíonn Baile Átha Cliath roinnt de na míbhuntáistí sóisialta agus eacnamaíochta is measa ar fud na tíre agus mar Chathaoirleach ar Údarás Reigiúnda Átha Cliath i dteannta le mo bhaill chomhalta, tá súil agam go bhfuilimid tar éis cur le forbairt polasaí Réigiúnda do Bhaile Átha Cliath, a d'fhéadfadh cabhrú le fuascailt agus b'fhéidir fiú scaoileadh iomlán an neamhionannais eacnamaíoch agus sóisialta i réigiún Bhaile Átha Cliath.

An Comhairleoir Bronwen Maher,
An Cathaoirleach

CLÁR ÁBHAIR

Saincheisteanna Idirnáisiúnta

Baile Átha Cliath – Réigiún Cathrach Cruthaitheach 7

Feadhnacht Tagarmharcála Na Réigiún Idirnáisiúnta 9

Saincheisteanna Eorpacha

Toscaireacht Na Héireann Ar Choiste Na Réigiún 10

I Dtreo Polasaí Mara Na Todhchaí Don Aontas Eorpach 12

Cruinniú Le Fpeanna Bhaile Átha Cliat Hsa Bhruiséil 13

Líonra Purple (Peri-Uirbeach) 13

Tugann Údarás Réigiúnda Átha Cliath Agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

Cultúr Na Héireann Chuig An Bhruiséil 15

Oifig Réigiún Na Héireann, An Bhruiséil 15

Saincheisteanna Náisiúnta

Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 16

Roghanna Fuinneamh Inbhuanaithe Agus Inathnuaite Do Bhaile Átha Cliath 17

Glasú Cabhlaigh Iompair Bhaile Átha Cliath 17

Saincheisteanna Áitiúla

Bá Bhaile Átha Cliath- Fís Chomhtháite Eacnamaíoch,
Cultúrtha Agus Sóisialta D'fhorbairt Inbhuanaithe 19

Comhdhálacha ar a Freastalaíodh 2007 21

Ráiteas na gCuntas don Bhliain Airgid Dar Críoch 31ú Nollaig 2007 22

SAINCHEISTEANNA IDIRNÁISIÚNTA

Thug an tÚdarás faoi na tionscadail seo a leanas chun
(1) próifíl idirnáisiúnta a sholáthar do Réigiún Bhaile Átha Cliath agus
(2) dea-chleachtas idirnáisiúnta a bhunú i bhforbairt straitéisí do Réigiún Bhaile Átha Cliath.

Baile Átha Cliath – Réigiún Cathrach Cruthaitheach

Comhthéacs

Tá roinnt forbairtí nua eacnamaíocha agus sóisialta ag ath-shainiú ról agus struchtúr na gcathracha agus na réigiún-cathracha. Tá geilleagar domhanda nua ag teacht chun cinn ar a dtugtar an geilleagar cruthaitheach agus imrothlaíonn an geilleagar domhanda seo mórthimpeall ar na príomh réigiúin-chathracha atá aitheanta mar mhoil idirnáisiúnta na cruthaitheachta agus forbairt eacnamaíoch nua.

Tá todhchaí na hÉireann ag brath ar fhás Bhaile Átha Cliath agus tá forbairt na todhchaí de chuid Baile Átha Cliath ag brath ar aitheantas idirnáisiúnta a fháil mar réigiún-cathrach atá tábhachtach mar mhol cruthaitheach idirnáisiúnta.

Tá cultúr agus cruthaitheacht ag teacht chun cinn mar dinimic lárnach de gheilleagair agus saol na réigiún-cathracha cruthaitheach. Tá cultúr agus cruthaitheacht mar phríomhfhoinsí na forbartha pearsanta, comhtháthú sóisialta agus cáilíocht na beatha, mar aon le foinsí fostaíochta agus tionscail nua. Sa bhreis ar sin sainmhínítear iomaíochas idirnáisiúnta na réigiún-cathracha maidir lena gcumas chun oibrithe cruthaitheacha a mhealladh agus a fhorbairt, agus an infheistíocht idirnáisiúnta a leanann na hoibrithe seo. Tá caighdeán na timpeallachta tógtha agus nádúrtha aitheanta freisin mar chuid tábhachtach den chultúr, de chaighdeán na beatha agus iomaíochas idirnáisiúnta an Réigiúin-Cathrach Cruthaitheach.

Is earnáil lán nua í seo de thionscail agus poist ag teacht chun cinn bunaithe ar chultúr agus cruthaitheacht - aithnítear iad mar *thionscail chruthaitheacha*.

Comhdháil Bhaile Átha Cliath

D'eagraigh Údarás Reigiúnda Átha Cliath agus Comhaontú Fostaíochta Bhaile Átha Cliath Comhdháil Réigiúin-Chathracha Cruthaitheach i Baile Átha Cliath ar an 18 Deireadh Fómhair, 2007 chun an dea-chleachtas go hidirnáisiúnta a aithint i straitéisí forbartha na gcathracha agus na réigiún ó thaobh a dteacht chun suntais mar lárionaid tábhachtacha chun oibrithe cruthaitheacha agus tionscail chruthaitheacha a mhealladh, a fhás agus a choimeád. Dhírigh an chomhdháil ar aithint na dtionscal nua, scileanna na n-oibrithe cruthaitheacha, na hinfheistíochtaí bonneagair agus tionscnaimh chultúrtha atá ar bun ag réigiúin-chathracha, le béim ar na hoibrithe feasachta agus na tionscail chruthaitheacha seo a fhás, a mhealladh agus a choimeád.

Return to Contents

Struchtúr na comhdhála

Ócáid an lae ba ea an chomhdháil ina raibh páirt ag roinnt príomh-fhigiúirí ceannaireachta domhanda i réimse an réigiúin-chathrach cruthaitheach, cuimsitheach, i dteannta le straitéisithe agus smaointeoirí ceannródaíocha ó Éirinn. Bhí an sprioc lucht éisteachta cuimsithe de pholaiteoirí, pleanálaithe, forbróirí, oideoirí, oifigigh phoiblí, straitéisithe náisiúnta agus áitiúla, lucht déanta beartais, i measc roinnt daoine eile. Ba í aidhm na hócáide ná chun ciorcail sár-tionchair náisiúnta, réigiúnda agus áitiúla a nascadh le smaoineamh straitéiseach maidir le cathair chruthaitheach, cuimsitheach, agus chun an clár oibre a mhúnlú sa díospóireacht polasaí ríthábhachtach seo atá ag teacht.

Cainteoirí

Phléigh painéal saineolaithe idirnáisiúnta teoiric agus cleachtas na réigiún/cathrach cruthaitheach, i dteannta le hionadaithe ó réigiúin/chathracha eile a breathnaítear orthu mar cheannairí sa Ré Cruthaitheach nua seo. I measc na gcainteoirí bhí:-

- An tÚas. John Gormley, T.D., Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
- An tUas. Richard Florida, Ollamh le Gnó agus Cruthaitheacht in Ollscoil Toronto, agus údar ar *"The Rise of the Creative Class"*
- An tUas. Gianluca Monte – údar de chuid príomh-staidéar an Choimisiúin Eorpaigh – "*The Economy of Culture in Europe*"
- An tOllamh Joyce O'Connor, Cathaoirleach ar an Mol Digiteach agus Comhpháirtíocht Lárchathrach Bhaile Átha Cliath agus iar Uachtarán ar Choláiste Náisiúnta na hÉireann.
- An tUas. Michael Stubbs, Leas-Bhainisteoir na Cathrach freagrach as ucht pleanáil agus forbairt eacnamaíochta
- Rui Jing Uasal, Stiúrthóir ar oifig na Ríochta Aontaithede chuid an Beijing Z-Technology Park atá bunaithe i Londain
- Gina Quin Uasal, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin de chuid Cumann Trádála Bhaile Átha Cliath
- An tUas. Kieran Rose, Cathaoirleach ar an Gay and Lesbian Network agus Comhalta Boird an Údaráis Comhionannais
- An tUas. Jordi Pascual, speisialtóir ar Fhorbairt Uirbeach agus cultúir ag an Institute of Culture of the City of Barcelona.

D'aithin an chomhdháil conas a sháraíonn réigiúin-chathracha an roinnt idir ioncaim agus coinníollacha maireachtála na n-oibrithe cruthaitheacha agus an chuid eile den sochaí, chomh maith le bealaí nua chun feabhas a chur ar fhás na héagothroime atá curtha i gcrích sa sochaí, m.sh., éagothroime idir dhaoine, aois ghrúpaí, limistéir, réigiúin. In ainneoin go bhfuil na hoibrithe cruthaitheacha íoctha go maith níl iontu ach 30% den lucht oibre. Oibríonn an 70% eile i bpoist seirbhíse agus níl tuarastail arda á ghnóthú acu. Is é an toradh ar seo ná fás sa scoilt agus san éagothroime idir na hoibrithe seo. Tá an fás seo in éagothroime ioncaim mar dhúshlán mór eile do chathracha agus réigiúin-chathracha.

Caithfidh Réigiúin-Chathracha a chinntiú go mbraitheann na pobail rannpháirtíocht i gcruthú feasachta. Is éard a bheidh i gceist le seo ná cineálacha nua struchtúir áitiúla chomh maith le forbairt scileanna. Tá sé riachtanach chomh maith go ndéanfaí uasghrádú ar an ábhar cruthaitheach agus deiseanna d'ionchuir chruthaitheacha ón dream sin atá sna poist seirbhíse seo.

FEADHNACHT TAGARMHARCÁLA NA RÉIGIÚN IDIRNÁISIÚNTA

Tháinig toscaireacht ón Puget Sound Regional Council i Seattle go Baile Átha Cliath chun plé a dhéanamh ar fhás eacnamaíochta na hÉireann agus an ról glactha ag réigiún Bhaile Átha Cliath. D'óstáil an Roinn Iompair cuairt na toscaireachta agus eagraíodh cainteoirí. Ar son an Údarás Réigiúnda Átha Cliath, rinne an Stiúrthóir láithreoireacht chuig an toscaireacht ag aibhsiú na ceisteanna agus dúshláin atá ag tabhairt aghaidh ar Bhaile Átha Cliath.

Bheartaigh an toscaireacht go raibh cosúlachtaí sna dúshláin ag tabhairt aghaidh ar Bhaile Átha Cliath agus iad siúd ag tabhairt ar Puget Sound. Ar fhilleadh dóibh, bheartaigh an Puget Sound Regional Council chun Feadhnacht Tagarmharcála na Réigiún Idirnáisiúnta a bhunú agus táthar tar éis ceist a chur ar Údarás Réigiúnda Átha Cliath páirt a glacadh. Chomhaontaigh sé réigiún eile ar fud an domhain chun a bheith mar pháirt den chéad fheadhnacht riamh, .i. Barcelona, an Spáinn; Fukuoka, an tSeapáin; Heilsincí, an Fhionlainn; Melbourne, an Astráil; Munich, an Ghearmáin agus Stócólm, an tSualainn.

Bainfidh obair na Feadhnachta le gach reigiún ag bailiú sonraí eacnamaíochta, sóisialta, timpeallachta agus cultúrtha, agus é ar intinn chun comparáid anailíse agus tagarmharcála. Chomhaontaigh Údarás Réigiúnda Átha Cliath chun dul i mbun na feadhnachta seo ar son Réigiúin Bhaile Átha Cliath agus chun obair i dteannta le ghníomhaireachtaí agus údaráis ábhartha i mbailiú na sonraí réigiúnda.

SAINCHEISTEANNA EORPACHA

Tá Údarás Réigiúnda Átha Cliath ionadaithe ar Choiste na Réigiún de chuid an AE (CoR) chun an AE a sholáthar le ráitis agus tuairimí ar pholasaí an AE ó pheirspictíocht Réigiúin Bhaile Átha Cliath. Chun ár mbaint leis an CoR a fheabhsú, thug an tÚdarás faoi roinnt tionscadail dírithe ar an AE chun (1) freagra díreach a thabhairt do Choimisiún an AE ar chur chuigí polasaí an AE, (2) aibhsiú a dhéanamh ar chultúr agus traidisiúin Bhaile Átha Cliath i measc institiúidí agus údaráis an AE agus (3) comhpháirtíochtaí a bhunú le réigiúin-chathracha an AE.

Toscaireacht na hÉireann ar Choiste na Réigiún

Is comhlacht AE é Coiste na Réigiún (CoR) a léiríonn tuairimí na n-údarás áitiúil agus réigiúnach ó thaobh polasaí agus próisis reachtaíochta an AE a fhoirmiú. Tá sé déanta suas de 344 ball tofa ó 27 Ballstát, tá toscaireacht na hÉireann déanta de 9 gcomhalta 'iomlán' cúltacaithe ag 9 gcomhalta 'ailtéarnach' le limistéir uile na n-údarás réigiúnda á ionadú. Tá Údarás Réigiúnda Átha Cliath mar an rúnaíocht ceaptha do thoscaireacht na hÉireann.

Is í obair lárnach an Choiste ná mionsaothrú na dtuairimí chun ionadú a dhéanamh ar an bhfreagra áitiúil agus réigiúnda ar mholtaí polasaí an AE. Óna bhunú i 1993, tá a ról comhairleach á leathnú ag an CoR. Soláthraítear staidéir ábhartha go leibhéal áitiúil agus réigiúnda agus táthar tar éis tionscnaimh monatóireachta polasaí a leagadh amach cosúil le Líonra Monatóireachta Liospóin, Líonra Monatóireacht Coimhdeachta agus Líonra EGTC (Grúpáil Eorpach de Comhoibriú Tíriúil). Oibríonn an toscaireacht chun rannpháirtaíocht údaráis áitiúla agus réigiúnda na hÉireann sna líonraí seo a éascú.

Ballraíocht Réigiún Bhaile Átha Cliath

Ritheann téarma reatha ceithre-bliana an Choiste ó 2006-2010 agus is iad seo a leanas na comhaltaí ainmnithe ó réigiún Bhaile Átha Cliath:

Comhaltaí Iomlána: An Clr. Maria Corrigan* (Comhairle Contae Dhún Laoghaire Ráth an Dúin agus U.R. Átha Cliath). Ceapadh Iníonn Uí Chorragáin* don Seanad i ndiaidh an Olltoghcháin agus tháinig deireadh lena ballraíocht den CoR i mí Lúnasa 2007.

Comhalta Ailtéarnach: An Clr. Peter Coyle (Comhairle Co. Fhine Gall)

Toscaireacht na hÉireann

Oibríonn comhaltaí na hÉireann le chéile ar fud línte na bpáirtithe lena chinntiú go gcuirtear tuairimíocht réigiúnda na hÉireann chun cinn laistigh den CoR. Buaileann comhaltaí na hÉireann roimh seisiúin iomlánacha chun comhstaideanna a fhorbairt agus a chomhaontú lena chinntiú go nglactar peirspictíocht na hÉireann san áireamh i bhfreagra an CoR ar gach saincheist.

Tá comhaontú comhoibrithe ar bun idir chomhaltaí CoR na hÉireann agus Cumann Réigiún na hÉireann (AIR) a éascaíonn ionchur na n-údarás agus na dtionól réigiúnacha maidir le hobair na gcomhaltaí Éireannacha de bhrí go scaiptear gach dréacht-thuairim chucu le breathnú orthu roimh seisiúin iomlánacha de chuid Coiste na Réigiún. Bíonn cruinnithe ar bun freisin de chomhaltaí uile na hÉireann agus tugtar cuireadh do Stiúrthóirí agus do

Chathaoirligh na n-údarás agus na dtionól réigiúnda chuig na cruinnithe sin. Tá sé de dhualgas ar chomhaltaí iomlána tuarascálacha bliantúla a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí CoR agus a chur faoi bhráid a n-údarás réigiúnda.

I mí Márta i mBaile Átha Luain, bhí comhsheisiún de Thoscaireacht na hÉireann leis an AIR a rinne plé ar cheisteanna tipiciúla an AE. I measc na gcainteoirí a tugadh cuireadh dóibh bhí an tUas. Noel Treacy T.D., Aire Gnóthaí Eorpacha, Anne Barrington Uasal, Stiúrthóir an Fhóraim Náisiúnta ar an Eoraip agus an tUas. Gerhard Stahl, Ard-Rúnaí an CoR.

Ag obair tríd an RCORÁ, tá an Toscaireacht tar éis teagmhálacha a chur ar bun le Ranna in Éirinn chomh maith agus leis an Irish Permanent Representation sa Bhruiséil lena chinntiú go gcuirtear comhaltaí ar an eolas maidir le príomh-cheisteanna beartais an AE.

Le linn 2007, d'fhreastal an Clr. Hanniffy mar 1ú Leas Uachtarán an ECOS (Coimisiúin Polasaí Eacnamaíochta agus Sóisialta) agus tá sé i gceist aige leanúint ar aghaidh le hUachtaránacht an ECOS i mí Feabhra 2008 le haghaidh tréimhse dhá bhliain. Tá an CoR tar éis glacadh lena chuireadh don ECOS chun bualadh i mBaile Átha Luain go déanach i mí Meán Fómhair 2008 agus tá pleananna ag dul chinn chun cruinniú an choimisiúin agus seimineár coimhdeach ar Fhorbairt Fiontar Tacaithe a óstáil. Beidh na himeachtaí i mBaile Átha Luain ar súil i gcaitheamh trí lá.

Roinnt gníomhaíochtaí de chuid an CoR i 2007

Ghlac an CoR le 44 tuairim i 2007 lena n-áirítear ceann ar Chearta an *Linbh de chuid* an Clr. Maria Corrigan. Le linn 2007, d'oibrigh comhaltaí Éireannach mar rapóirtéirí ar thuairimí ar an *CAP Health Check* (an Clr. Seamus Murray), *Contribution of Volunteering to Economic and Social Cohesion* (an Clr. Declan McDonnell) agus *Adult Education* (an Clr. Mary Shields).

Buaicphointí Roghnaithe i 2007

- Ba é 2007 an 50ú ceiliúradh de Chonradh na Róimhe agus tharla roinnt mhaith imeachtaí comórtha i mí Márta. Le haghaidh an CoR, ar bhonn eisceachtúil tionóladh seisiún iomlánach sa Róimh.

- Aithníodh an Ghaeilge mar cheann de theangacha oifigiúil agus feidhmiúcháin an AE i 2007 agus ó shin i leith tá comhaltaí CoR tar éis an deis a thógáil chun seisiúin iomlánacha a aitheasc as Gaeilge. Sa bhreis ar sin tá an CoR tar éis leagan Gaeilge de bhróisiúr Toscaireachta na hÉireann a foilsiú.

- Tharla rannpháirtaíocht in ócáid bhliantúil na Laethanta Oscailte trí Oifig Réigiún na hÉireann (IRO) i Seachtain Eorpach na Réigiún agus na gCathracha i mí Deireadh Fómhair sa Bhruiséil.

- I mí na Samhna, bhuail Toscaireacht na hÉireann leis an tUas. Bobby McDonagh, Ambasadóir na hÉireann don AE chun labhairt faoi cheisteanna tábhachtacha ó pheirspictíocht na hÉireann.

- I mí na Nollag ghlac Toscaireacht na hÉireann le cuireadh chun cruinniú a reáchtáil i mBéal Feirste lena cuid contrapháirteanna de chuid an CoR sa Ríocht Aontaithe. D'fhreastal comhaltaí na hÉireann agusna Ríochta Aontaithe de chuid Comhdháil na Comhairle Eorpach freisin.

Return to Contents

Tuilleadh Eolais

Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoi obair an CoR agus Toscaireacht na hÉireann trí dul i dteagmháil le hÚdarás Réigiúnda Átha Cliath, trí féachaint ar shuíomh gréasáin na Toscaireachta ag www.iro.ie/delegation nó trí cuairt a thabhairt ar shuíomh gréasain an CoR ag www.cor.europa.eu

I Dtreo Polasaí Mara Na Todhchaí Don Aontas Eorpach

I mí Bealtaine 2007 rinne Údarás Réigiúnda Átha Cliath aighneacht chuig an Tascfhórsa Polasaí Muirí de chuid an Coimisiún Eorpach mar fhreagra ar Pháipéar Glas an Choimisiúin Eorpach ar cheisteanna Muirí.

Lastigh dá iarratas, thug an tÚdarás freagraí do roinnt mhaith ceisteanna tábhachtacha a bhí curtha i láthair ag an gCoimisiún, mar shampla,

- An cheart go mbeadh polasaí muirí comhtháite ag an AE? Conas is féidir leis an AE luach a chur le líon na dtionscnamh náisiúnta, áitiúla agus príobháideacha go léir atá i láthair cheana féin sa réimse muirí?

- Céard iad na meicníochtaí gur cóir a bheith in úsáid chun a chinntiú go bhfuil forbairt mhuirí nua inbhuanaithe?

- Conas is féidir le polasaí muirí cur le caomhnú timpeallacht agus acmhainní ár n-aigéan?

- An cheart go bhforbrófaí Líonra Taighde Muirí na hEorpa?

- Cén slí inar cheart go mbeadh na geallsealbhóirí páirteach? Céard iad na prionsabail agus meicníochtaí gur chóir taca a chur faoi chórais pleanála spásúlachta na mara?

- Conas is féidir córais pleanála ar thalamh agus ar muir a chur in oiriúint a chéile?

Is féidir sonraí iomlána a fháil ó www.dra.ie

Cruinniú le FPEanna Bhaile Átha Cliath sa Bhruiséil

I mí Aibreán 2007, bhuail an Cathaoirleach a bhí ann ag an am, an Comhairleoir Gerry Horkan i dteannta le ceithre chomhalta den Údarás mar aon le hoifigigh ó údarás áitiúla Bhaile Átha Cliath, le FPEanna Bhaile Átha Cliath sa Bhruiséil.

Thug an cruinniú deis do na FPEanna labhairt mar gheall ar a gcuid oibre agus gníomhaíochtaí leanúnacha i bParlaimint na hEorpa agus le haghaidh malartú eolais ar ghníomhaíochtaí Bhaile Átha Cliath agus na hEorpa.

Sa bhreis ar sin thóg na comhaltaí an deis chun labhairt faoi pholasaí forbartha reatha an AE agus Náisiúnta le Coimisiún an AE agus an Irish Permanent Representation. Ba iad seo a leanas na saincheisteanna a pléadh:-

1. Polasaí Fuinneamh an AE – Teacht Chun Cinn Polasaí an AE leis an tUas. Tom HOWES, Oifigeach Polasaí, DG TREN, an Coimisiún Eorpach
2. Polasaí Fuinneamh an AE – Impleachtaí d'Éire le Una DIXON Uasal, Attache Fuinneamh, Ionadaíocht Bhuan na hÉireann don AE.
3. Straitéis Drugaí an AE agus Clár Coisc agus Faisnéise Drugaí leis an tUas. Carel Edwards, DG JLS, an Coimisiún Eorpach.

Líonra PURPLE (Peri-Uirbeach)

Díríonn an líonra "PURPLE" ar an limistéar geografach peri-uirbeach ar leithligh, (is é sin, limistéir a chruthaíonn imeall nó teorainn idir tírdhreacha suntasacha idir uirbeacha agus tuaithe), a fhreagraíonn an idir-chaidreamh idir limistéir uirbeacha agus an ceantar tuaithe in aice láimhe. Bunaíodh PURPLE sa bhliain 2004 ag tabhairt na réigiúin seo a leanas le chéile - Catalunya, Flóndras, Frankfurt Rhein/Main, Île de France, Mazovia, MHAL (Cúige Limburg), Nord Pas de Calais, Regio Randstad, Rhône-Alpes, Oirdheisceart Shasana, Stócólm, an Lár-Réigiún Thiar – chun obair go dlúth le chéile ar mhaithe le uasmhéadú na mbuntáistí a eascraíonn de bharr a láthair i gcóngaracht limistéir uirbeacha móra fad atáthar ag íosmhéadú na droch-thionchair ar an tírdhreach, an timpeallacht agus an oidhreacht a tréithríonn na limistéir seo.

Aithníonn PURPLE na riachtanais agus luachanna sainiúla de chuid limistéir peri-uirbeacha sa tslí ina sheasann siad do líon mór acmhainní agus gur féidir leo gníomhú mar thiománaithe dearfacha d'fhás inbhuanaithe i limistéir uirbeacha níos leithne. Mar sin féin, chun an fás inbhuanaithe seo a chur chun cinn, caithfear an cho-thromaíocht idir spásanna oscailte inbhuanaithe, talmhaíocht inbhuanaithe, scaipeadh spásúlachta uirbigh agus dinimic eacnamaíochta a ath-bhunú.

Tá an caidreamh idir limistéir uirbeacha agus limistéir tuaithe in aice láimhe simplí agus ilchasta ag an am cé-anna- *simplí* sa tslí go bhfuil limistéir tuaithe mar fhoinsí bianna, amhábhair agus lucht oibre do limistéir chathracha in aice leo le fada an lá, agus ag an am céanna tá cathracha mar áiteanna lán de dheiseanna le haghaidh cónaitheoirí tuaithe, ag soláthar margaí do tháirgí talmhaíochta agus eile, seirbhísí speisialaithe agus foinsí fostaíochta; agus *ilchasta* sa tslí go bhfuil nascachtaí uirbeach-thuaithe dian go leor thar an idir phlé peri-uirbeach,

Return to Contents

tréithrithe ag (1) aistriú bonneagair leanúnach, (2) struchtúir shóisialta dinimiciúla agus casta agus (3) teorainneacha institiúideacha. Mar sin, tá freagraí polasaithe éagsúla le teastáil le haghaidh limistéir peri-uirbeacha i gcomparaid leo siúd do na limistéir atá níos forbartha le tréithe áitiúla agus uirbeacha níos sainithe.

Chuaigh Údarás Réigiúnda Átha Cliath i mbun ballraíochta le Líonra PURPLE, i mí Bealtaine 2007, agus é ar intinn acu chun a bheith ag obair i gcónasc le réigiúin peri-uirbeacha eile san Eoraip chun éagsúlacht – acmhainn agus tírdhreach, oidhreacht agus caighdeán na beatha dár limistéir uirbeacha imeallacha féin a chothú. Admhaíonn an tÚdarás go mbainfear é seo amach trí chomhroinnt faisnéise de chuid an dea-chleachtais, forbairt na gcomhpháirtíochtaí do thionscadail an AE agus ionchorprú polasaithe peri-uirbeach saintréitheacha i bpleananna agus cláir ar leibhéil réigiúnda agus áitiúla.

TUgann Údarás Réigiúnda Átha Cliath agus comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Cultúr na hÉireann chuig an bhruiséil– 'A Rough Guide To Flann O'brien's Comic Genius'

Is éard atá i gceist le Dublin: One City, One Book, ná imeacht bhliantúil a reáchtáiltear i mBaile Átha Cliath i mí Aibreán gach bliain. Tá rathúlacht an tionscadail, atá deartha chun gach aon duine sa chathair a spreagadh chun an leabhar céanna a léamh sna seachtainí céanna, mar ábhar iontais do mhuintir Bhaile Átha Cliath agus cuairteoirí araon. An leabhar a piocadh i 2006 ná an sárshaothar coiméideach 'At Swim-Two-Birds' de chuid Flann O'Brien, a tógann an léitheoir mórthimpeall ar chúlsráideanna agus críoch-chomharthacha Bhaile Átha Cliath ag tabhairt léargas an-difriúil den chathair agus dá saoránaigh i sna 1930aidí.

'A Rough Guide to Flann O'Brien's Comic Genius' de chuid an Dr. Eibhlin Evans (Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath) agus an aisteoir Éireannach cáiliúil, an tUas. Jack Lynch a cuireadh i láthair ag imeacht chultúrtha sa Bhruiséil i mí na Samhna, 2007 le cabhair ó Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath in éineacht le hÚdarás Réigiúnda Átha Cliath agus Oifig Réigiúnda na hÉireann. Fuair an lucht féachana léamh proifisiúnta agus barúil ealaíonta d'éirim agus greann Flann agus cruinne shamhail an duine ardéirim liteartha Éireannach seo.

Thaispeáin an imeacht seo oidhreacht saibhir Chathair Bhaile Átha Cliath de cheol traidisiúnta agus bailéid ón grúpa 'Boxty', ceann de na samplaí is fearr den dá thraidisiún. Déanann an ainm 'Boxty' trácht ar phancóg traidisiúnta na hÉireann agus sheinn an banna meascán de cheol traidisiúnta agus bailéid, go mór mhór le fréamhacha Átha Cliathach. Tá Boxty mar cheoltóirí cónaitheach san Abbey Tavern i mBaile Átha Cliath agus tá comhaltaí den ghrúpa tar éis an Eoraip agus na Stát Aontaithe a camchuairt.

Le haghaidh breis eolais ar an imeacht nó ar an gClár Cultúrtha sa Bhruiséil téigh i dteagmháil leh Oifig Réigiún na hÉireann ag Teil: 32-(0)2-2828474 nó R-phost: admin@iro.ie

Oifig Réigiún na hÉireann, An Bhruiséil

Soláthraíonn Oifig Réigiún na hÉireann (IRO), a bunaíodh sa Bhruiséil i 2000 mar acmhainn do chomhaltaí na hÉireann de chuid Coiste na Réigiún agusna húdaráis réigiúnda, raon seirbhísí eolais an AE agus tacaíochtaí beartais agus tionscadail do chomhlachtaí áitiúla agus réigiúnda in Éirinn.

I 2007 rinne an IRO comhdhlúthú ar na seirbhísí a seachadtar. Mar chuid dá seirbhís eolais cuireadh 11 Ráiteas Nuachta AE míosúla le chéile, raon de chruinnithe eolais beartais agus seirbhís gréasán bhuanithe níos fearr. I gcaitheamh na bliana chabhraigh sé go díreach le rannpháirtíocht deich n-údaráis áitiúla/réigiúnda i dtionscadail urraithe ag an AE trí imeachtaí a reáchtáil sa Bhruiséil agus ag léiriú leasanna a chomhpháirtithe ag cruinnithe agus chabhraigh sé le h-ocht n-údarás eile le comhpháirtithe a aithint le haghaidh roinnt tionscadail atá tacaithe ag an AE. I bhforbairt a ról ionadaíoch, d'éascaigh an IRO rannpháirtíocht feabhsaithe Bhaile Átha Cliath i ng-nóthaí an AE trí chuairteanna staidéir chuig an Bhruiséil a eagrú agus a óstáil i mí Aibreán, do ghrúpa comhaltaí tofa agus oifigigh ón DRA agus údaráis áitiúla Bhaile Átha Cliath, ag díriú ar pholasaí fuinnimh an AE agus ag dul i gcomhrac le mí-úsáid drugaí. Buail an grúpa leis na FPEanna ó Bhaile Átha Cliath agus mar dul chun cinn

Return to Contents

ón gcruinniú bhuail an ceathrar FPE le bainisteoirí an údaráis áitiúil i mí na Samhna chun trácht a dhéanamh ar cheisteanna comónta. Sa bhreis ar sin, i mí na Samhna d'óstáil an IRO imeacht Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus an DRA: 'A Rough Guide to Flann O'Brien's Comic Genius', mar chuid den Clár Cultúrtha Celtic Connections. Ina ról tacaíochta do chomhaltaí CoR, rinne an IRO forbairt bhreise ar an seirbhís eolais a fhaigheann comhaltaí, go speisialta trí theagmhálacha agus cruinnithe níos fearr leis an Irish Permanent Representation de chuid an AE.

SAINCHEISTEANNA NÁISIÚNTA

Thug an tÚdarás aghaidh ari cheisteanna náisiúnta bainteach le forbairt sóisialta, eacnamaíochta agus comhshaoil de chuid Réigiún Bhaile Átha Cliath. Sa bhreis ar sin ullmhaíonn an tÚdarás páipéir seasaimh ar cheisteanna gur ábhair imní iad le haghaidh aird na ranna Rialtais.

Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013

Seoladh an Plean Forbartha Náisiúnta (PFN), Transforming Ireland – A Better Quality of Life, i mí Eanáir 2007 agus leagtar amach na tosaíochtaí infheistíochta eacnamaíochta agus sóisialta atá riachtanach chun fís an chaighdeáin maireachtála níos fearr do cách a bhaint amach. Molann an PFN chun €84 billiún a infheistiú sna seacht mbliana le teacht (2007-2013) chun líon na spriocanna tábhachta a bhaint amach, go mór mhór chun:

Déileáil le heasnaimh bhonneagair go héifeachtúil

- Feabhas mór a chur ar fhorbairt fhiontair, Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht, soláthar scileanna agus traenála ré na hoibre
- Forbairt réigiúnda a chomhtháthú le chreatlach oibre na Straitéise Náisiúnta Spásúlachta (SNS)
- Infheistiú in inbhuanaitheacht chomhshaoil fad-téarmach
- Na deiseanna de chuid comhoibriú láidrithe uile-oileáin a réadú i réimsí chomh-suime
- Clár il-ghruach a sheachadadh le haghaidh Cuimsiú Sóisialta
- Luach ar Airgead na gCáiníocóirí a sholáthar

D'llmhaigh Údarás Réigiúnda Átha Cliath a fhreagra don PFN ina cáipéis dar teideal "The NDP, What's in it for Dublin". Leag an cháipéis seo amach fís straitéiseach don Réigiún Cathrach agus rinneadh an cás gur chóir 50% d'acmhainní an PFN uile a thabhairt do Réigiún Bhaile Átha Cliath. Sa bhreis ar sin leagadh amach liosta tosaíochtaí infheistíochta cuimsitheach don Réigiún agus rinneadh catalógú ar roinnt beartais agus tionscadail gur mhaith leo a bheith churtha san áireamh sa PFN.

Is féidir sonraí breise a fháil ó www.dra.ie

Roghanna Fuinneamh Inbhuanaithe agus inAthnuaite do Bhaile Átha Cliath

D'ullmhaigh Údarás Réigiúnda Átha Cliath Páipéar Seasaimh dar teideal 'Sustainable and Renewable Energy Options for Dublin' i mí Deireadh Fómhair 2007. Rinne an Páipéar Seasaimh tagairt d'aighneacht i leith Páipéar Glas an Rialtais ar Fuinneamh '*I dTreo Todhchaí Fuinnimh Inbhuanaithe d'Éirinn*' i mí na Nollag, 2006, mhol an tÚdarás, i dteannta le rudaí eile, mar chuid dá Straitéis Fuinnimh, nach foláir d'Éire iarracht a dhéanamh chun spriocanna an AE a bhainr amach ó thaobh fuinnimh inathnuaite agus éifeachtacht fuinnimh.

Laistigh dá Páipéar Seasaimh ar fhuinneamh inbhuanaithe, rinne an tÚdarás iniúchadh ar roghanna fuinnimh in-bhuanaithe agus athnuaite agus ag an am céanna cuntas suas-chun-dáta a sholáthar ar chúrsaí in Éirinn bhunaithe ar ár n-dtomhailt fuinnimh, ár n-úsáid teicneolaíochtaí agus ár ndul chun cinn le laghdú na n-astuithe carbóin.

Chomh maith le sin leag an Páipéar amach léarscáil d'fhorbairt straitéise fuinnimh inathnuaite réigiúnda chun éascú a dhéanamh ar chur chuige níos intuigthe chuig dúshláin fhuinnimh i Réigiún Bhaile Átha Cliath.

Is féidir sonraí breise a fháil ó www.dra.ie

Glasú cabhlaigh iompair Bhaile Átha Cliath

I mí na Samhna, 2007 d'ullmhaigh Údarás Réigiúnda Átha Cliath Páipéar Seasaimh dar teideal 'Greening Dublin's Fleet', a leag amach na buntáistí a bhaineann le cabhlach iompair Bhaile Átha Cliath a iompú isteach i "Cabhlach Glas". Aibhsíonn an Páipéar an fhíric go bhfuil spreagadh, táirgeadh agus coimeád córas bus poiblí, agus gan amhras córas iompair poiblí, córas atá bunaithe go mór mhór ar breoslaí glasa mar chéim amháin i dtreo Baile Átha Cliath agus a chúlchríoch a dhéanamh níos inbhuanaithe agus taitneamhaí mar thimpeallacht do lucht cónaithe, gnóthaí agus turasóirí araon.

Bheartaigh an tuarascáil go sholáthródh leathnú córais iompair poiblí iomlán-Cathrach agus iomlán tuaithe atá ag feidhmiú ar bhreoslaí glasa bunchúis úr do ghréasáin fás inbhuanaithe nua. Sa bhreis ar sin, curtha i dteannta le lonnaíochta níos airde dlúis socrú a leanann ar aghaidh de ghnáth chuig laghdú i leibhéil na húinéireachta gluaisteán agus achair shlánaithe, agus tithíocht lonnaithe go straitéiseach agus forbairtí tráchtála lonnaithe i ngiorracht (laistigh d'achar siúil) rochtain iompair phoiblí, chabhródh cabhlach glas cáilíocht maireachtála níos fearr a chur chun cinn do chónaitheoirí uile Bhaile Átha Cliath. Téann bonneagar níos fearr agus breoslaí glana lámh-ar-láimh le chéile: díríonn an fhianaise go léir ar an bhfíric go leanfaidh úsáid na seirbhísí iompair poiblí ag méadú de réir mar a sholáthraítear córais iompair inrochtana, níos úsáidchuntach. Le córas dea-ehangailte agus dea-chomhtháite, méadóidh úsáid eacnamaíochta breosla ag an am céanna. Le heacnamaíocht bhreosla níos fearr agus líon méadaithe na bpaisinéirí tiocfaidh deis órga chun cinn úsáid fairsing an bhreosla glas a fhorbairt. Sea-chas crágshnámh amach as droch-chóras pleanálaamháin chun titim isteach i gceann eile, ba cheart tabhairt faoi chéimeanna bunaidh anois chun fiosrú a dhéanamh ar fhéidearthacht talamh a chur i leataoibh chun go speisialta le haghaidh bairr fuinnimh laistigh de Réigiún Bhaile Átha Cliath agus a chúlcríoch.

Is féidir sonraí breise a fháil ó www.dra.ie

Return to Contents



SAINCHEISTEANNA ÁITIÚLA

Tá aird ag an Údarás ar na saincheisteanna uile le suim áitiúil iontu agus i 2007 rinne na comhaltaí trácht ar obair Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar thodhchaí Bhá Bhaile Átha Cliath.

Bá Bhaile Átha Cliath- Fís chomhtháite Eacnamaíoch, cultúrtha agus sóisialta d'fhorbairt inbhuanaithe

Rinne Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath coimisiúnú ar staidéar leathan eacnamaíoch, conláiste agus timpeallachta de Bhá Bhaile Átha Cliath, lena n-áirítear limistéar Calafort Bhaile Átha Cliath. Tá sé i gceist go mbeadh an staidéar mar an chéad chéim in ullmhú plean creatlaigh straitéiseach do limistéar Bhá Bhaile Átha Cliath a thabharfaidh treoir do gheallsealbhóirí i bhforbairt bhfad-téarmach na hacmhainne seo.

Rinne an staidéar taighde ar an imbhualadh a bheadh i gceist i bhfágáil an cé go buaineach chomh maith le roinnt roghanna féideartha eile d'fhorbairt thailte an chalafoirt bunaithe ar athshuíomh iomlán nó páirteach den chalafort.

Tugadh sonraí de thorthaí an staidéir d'Údarás Réigiúnda Átha Cliath ag a cruinniú i mí na Samhna, 2007 agus tar éis dóibh an t-ábhar a phlé go cuimsitheach, chur an tÚdarás ráitis na gcomhaltaí faoi bhráid Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath mar chuid den chéim chomhairleach.

Laistigh dá aighneacht rinne Údarás Réigiúnda Átha Cliath na ráitis seo a leanas:-

- Fáiltíonn Údarás Réigiúnda Átha Cliath roimh díospóireacht faoi thodhchaí Chalafoirt Bhaile Átha Cliath, ach mar sin féin, cuirtear san áireamh go bhfuil gá chun tabhairt faoi cur chuige cuimsitheach d'fhorbairt limistéir níos leithne an Bhá.

- Breathnaíonn an tÚdarás go bhfuil staidéar breise riachtanach chun déileáil leis na sonraí faoi athshuíomh an chalafoirt lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Ba chóir don staidéar tagairt a dhéanamh do na himpleachtaí a bhainfidh leis an bogadh go suíomh nua.

- I láthar na huaire níl aon chomhordú iomlán idir na húdaráis, na gníomhaireachtaí Stáit agus na heagraíochtaí go bhfuil limistéir Bhá Bhaile Átha Cliath faoina sainchúram acu uile, agus mar sin, tá sé deacair monatóireacht a dhéanamh ar an bhforbairt de Bhá Bhaile Átha Cliath chun féachaint an bhfuil sé á fhorbairt chuig a chumas iomlán, sa tslí seo, breathnaíonn Údarás Réigiúnda Bhaile Átha Cliath gur chóir go mbeadh tagairt déanta de bhainistíocht inbhuanaithe Bá Bhaile Átha Cliath Sa bhreis ar sin, molann Údarás Réigiúnda Átha Cliath, mar an t-aon foras Réigiúnda daonlathach ag obair sa limistéir, gur chóir go mbeadh sé mar an foras atá i gceannas ar Bhá Bhaile Átha Cliath, á threisiú ag gníomhaireachtaí eile, m.sh. Údarás Forbartha Cheantar Dugaí Átha Cliath, s.rl.

Comhdhálacha ar a Freastalaíodh 2007

Rinneadh ionadú ar an Údarás Áitiúil ag na Comhdhálacha/Seimineáir seo a leanas i 2007			
Teideal	**Dáta 2006**	**Láthair**	**Freastalaithe Ag**
Tionól Réigiúnach BMW, "Renewable Energy"	13ú Meitheamh	Cairlinn	An Clr. M. Ahearne
Ionad Ceifin - Ennis	6ú/7ú Samhain	Inis	An Clr. M. Ahearne
Comhdháil Bhliantúil AMAI	13ú – 15ú Meán Fómhair	Ros Mhic Thriúin	Na Clrí. M. Ardagh, S. Laing
Irish Council for Social Housing - "Social Housing - A Lifestyle choice"	25ú – 27ú Meán Fómhair	Loch Garman	An Clr. E. Byrne
Scoil Samhraidh Merriman 2007 - "Change Utterly? - Ireland 1967-2007"	19ú – 25ú Lúnasa	Lios Dúin Bhearna	An Clr. G. Horkan
Comhdháil an Earraigh AMAI	9ú/10ú Feabhra	Trá Lí	An Clr. M. Richardson
Comhdháil Bhliantiúil an Earraigh LAMA	12ú/13ú Aibreán	Cill Airne	An Clr. A. Carter, S. Laing
10ú Chomhdháil Bliantúil AIR	19ú Deireadh Fómhair	Cill Airne	Na Clrí. D. Lacey, C. Keane
8ú Comhdháil Bhliantúil Tionól Réigiúnach S & E	20ú Aibreán	An Nás	An Clr. L. McCarthy
Environment Ireland 2007	4ú Meán Fómhair	Baile Átha Cliath	An Clr. L. McCarthy
Scoil Samhraidh Humbert	23ú - 26ú Lúnasa	Béal an Átha	An Clr. M. O'Donovan
Cumann Scoil Gheimhridh Merriman	26ú - 28ú Eanáir	Cathair na Mart	Na Clrí. P. Hand, M. McKeon
Seimineár Oiliúna do Chomhairleoirí	16ú - 18ú Samhain	Leitir Ceanainn	An Clr. P. Hand
Comhdháil Dubhghlas de hÍde	26ú - 28ú Deireadh Fómhair	Bealach an Doirín	Na Clrí. D. Ellis, C. Burke
Scoil Gheimhridh Cholm Cille	23ú - 25ú Feabhra	Cnoc na hEaglaise	Na Clrí. C. Burke, T. Smithers
Oiliúint do Chomhairleoirí	8ú - 10ú Meitheamh	Baile an Ghearlánaigh	An Clr. B. Maher

Return to Contents

Ráiteas na gCuntas don Bhliain Airgid Dar Críoch 31ú Nollaig 2007

Caiteachas	2007€	2006 €
Tuarastail	197,407.34	189,328.79
Trealamh Oifige	25,791.33	30,577.95
Táillí Poist & Gutháin	13,004.73	13,293.24
Liúntais Bhliantúla (Airt. 34(1)	46,495.01	46,552.29
Liúntais Taistil & Cothabhála:		
Airteagal 34(2)(a)	20,210.11	20,238.47
Airteagal 34(2)(b)	-	-
Foireann	12,398.00	6,869.97
Cíos agus Rátaí	-	-
Ilghnéitheach	100,359.54	103,899.17
Toscaireacht Éireannach Choiste na Réigiún	262,372.89	250,969.48
Oifig Réigiún na hÉireann (IRO)	57,752.07	68,828.70
Irish Sea Platform	1,616.26	-
Tionscadail AE	5,716.47	23,932.77
Tionscadal S2S	-	39,296.36
Tionscadal PURPLE	7,772.47	-
Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath	205,986.29	220,105.44
Iomlán an chaiteachais	**956,882.51**	**1,013,892.63**
	€	
FÁLTAIS	**2007 €**	**2006 €**
Ranníocaíocht na nÚdarás Áitiúi	407,180.00	388,008.00
Ranníocaíocht Chomhlachtaí Poiblí	2,500.00	5,000.00
Ranníocaíocht Chomhthionól Réigiúnach an Deiscirt & an Oirthir	23,679.40	38,646.77
Eile:		
• RCORAI (Coiste na Réigiún)	217,232.87	317,065.13
• Coiste na Réigiún – ilghnéitheach	1,277.88	3,233.35
• Ilghnéitheach	14,205.40	1,717.55
• Oifig Réigiún na hÉireann	78,043.62	74,498.21
• Ranníocaíochtaí RPG	258,158.70	273,049.65
• RPG Ilghnéitheach	45.50	4,439.50
• Ús Bainc (BoI)	11,869.27	5,432.37
Fáltais iomlán	**1,014,192.64**	**1,111,090.53**
Barrachas	57,310.13	97,197.90
Iarmhéid Oscailte (Barrachas)	422,936.37	325,738.47
Iarmhéid Deiridh ag deireadh na bliana (Barrachas)	**480,246.50**	**422,936.37**